V

(Fógairtí)

NÓSANNA IMEACHTA A BHAINEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A CHUR CHUN FEIDHME

AN COIMISIÚN EORPACH

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11176 — LONE STAR / CENTROMOTION

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2023/C 251/03)

1. An 6 Iúil 2023 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— LSF12 Badger Bidco, LLC, ('LSAF12', SAM) faoi rialú Lone Star Funds ('Lone Star', SAM),

— BRWS Parent LLC ('BRWS', SAM), an chuideachta sealbhaíochta grúpa atá os cionn grúpa CentroMotion,

Gheobhaidh Lone Star rialú, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar BRWS.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is fochuideachta ar lánúinéireacht é LSAF12 de chleamhnaithe de chuid Lone Star Funds, cuideachta cothromais phríobháidigh a infheistíonn ar fud an domhain i réadmhaoin, cothromas, creidmheas agus sócmhainní airgeadais eile.

— Is cuideachta sealbhaíochta é BRWS de ghrúpa CentroMotion a dhearann agus a mhonaraíonn córais agus réitigh ardinnealtóireachta a chuireann feabhas ar shábháilteacht, iontaofacht agus táirgiúlacht threalamh a chustaiméirí sna réimsí tionscail agus iompair.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i ndáil le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara gur cás é seo ab fhéidir a chóireáil faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11176 — LONE STAR / CENTROMOTION

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË